# Reáchtálfar an chéad Lá Daonchultúir na hEorpa ar an Satharn 23 Meán Fómhair 2023

**Scéim phíolótach is ea Lá Daonchultúir na hEorpa arna chruthú agus arna chomhordú ag Líonra Daonchultúir na hEorpa/ European Folk Network agus arna chomh-mhaoiniú ag Aontas na hEorpa tríd an gclár MusicAIRE. Tá mar aidhm ag an gcomóradh Lá Daonchultúir na hEorpa a bheith ina phríomhdháta san fhéilire bliantúil.**

Co-funded by the European Union

## Cúlra agus spriocanna

Tháinig Lá Daonchultúir na hEorpa chun cinn mar choincheap le linn comhchainteanna laistigh den Líonra (LDE). Ócáid a bheidh ann a mbeidh nasc díreach aige le ceann de spriocanna an líonra: **léargas a thabhairt ar mhais chriticiúil daoine ar fud na hEorpa, a bhfuil baint acu ar shlí amháin nó ar shlí eile, leis na healaíona taibhiúcháin traidisiúnta (ceol, damhsa, scéalaíocht).**

## Cé a ghlacfaidh páirt i Lá Daonchultúir na hEorpa?

**Tá rannpháirtíocht oscailte do dhuine aonair ar bith, banna, institiúid, comhlacht, pobal, ceardlann, grúpa áitiúil - go deimhin, duine ar bith atá ag plé go gníomhach** le ceol traidisiúnta, damhsa nó scéalaíocht, beo nó ar líne. Fáilte roimh CHÁCH - ní gá a bheith cláraithe mar bhall den Líonra.

## Conas páirt a ghlacadh i Lá Daonchultúir na hEorpa?

D'fhéadfá a bheith páirteach ann mar a leanas:

- físeán a thaifeadadh d'amhrán nua nó de sheanamhrán, é a uaslódáil ar do mheán sóisialta agus é a chlibeáil le **#europeanfolkday**.
- rannpáirtíocht ilchasta, mar shampla féile ar an láthair agus oirfidigh éagsúla páirteach ann, ar nó thart ar an 23 Meán Fómhair, agus an fhéile á poibliú mar chuid de Lá Daonchultúir na hEorpa.
- agus **más iriseoir thú**, d'fhéadfá amhrán nó oirfideach a bheith agat sa mheán a chleachtann tú . . . nó an lá ar fad a thiomnú don ábhar. D'fhéadfá imeachtaí Lá Daonchultúir na hEorpa a phoibliú ar na meáin áitiúla / náisiúnta. An bhfuil cúpla leid uait? Labhair linn: tá baill den Líonra ag an gcuid is mó de thíortha na hEorpa a bheidh in ann tacaíocht a thabhairt duit.

**Níl aon teorainn le conas nó cén áit is féidir a bheith páirteach ann**. Má tá tú gann ar smaointe, téigh i dteagmháil leis an ríomhphost Rannpháirtíochta (teagmhálacha thíos) nó féach ar an **suíomh gréasáin** nua agus spreagfaimid smaointe eadrainn.

Nuair a bheidh tuairim mhaith agat faoi do rannpháirtíochtsa, tabhair na mionsonraí dúinn ar an suíomh gréasáin, ar an **leathanach Rannpháirtíochta**, agus cuir an t-eolas ar fáil ar an mbunachar sonraí inchuardaithe. Beidh do rannpháirtíochtsa mar chuid den bhunachar agus ar mhapa na hEorpa. I gcaitheamh na míonna atá romhainn, cuirfear dul chun cinn in iúl don domhan mór agus scaipfear eolas faoi imeachtaí Lá Daonchultúir na hEorpa. D'fhéadfá a bheith ar ár liosta seoltaí ach síniú **anseo**.

## Conas is féidir dul i dteagmháil leis an meitheal eagraithe?

Tá meitheal bheag ag an Líonra a dhéanfaidh comhordú ar Lá Daonchultúir na hEorpa. Tá seoltaí ríomhphoist éagsúla againn chun freastal ar riachtanais éagsúla.

- Ceisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht: déan teagmháil le Eric via participate@europeanfolkday.eu
- Iarratais ó iriseoirí agus na meáin: déan teagmháil le Araceli via media@europeanfolkday.eu
- Iarratais ghinearálta aguis ceisteanna eile: déan teagmháil le Nod via info@europeanfolkday.eu

**Táimid ag tnúth le rannpháirtíocht ó gach éinne sa tionscnamh tras-Eorpach nua seo chun tacú le healaíona traidisiúnta na ndaoine ar fud na hEorpa agus iad a chomóradh.**

Is leatsa, is duitse, is dúinn go léir é Lá Daonchultúir na hEorpa.

Translation into Irish: Tristan Rosenstock